AistearSíolta

Treoir Chleachtais

# Leabhrán eolais: Pleanáil agus measúnú le haghaidh foghlaim agus forbairt leanaí

(Breith-6 bliana d'aois)

## Naisc le *hAistear* agus le *Síolta*

***Aistear***

*Téamaí*:Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid a Dhéanamh, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

*Treoirlínte don Dea-Chleachtas*: Tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt tríd an measúnú (lgh. 12-22) Treoir d'Úsáideoirí (lgh. 12-22)

***Caighdeáin Síolta***

1: Cearta an Linbh, C1.1, 1.2, 1.3
6: Súgradh, C6.3, 6.5, 6.7
7: Curaclam, C7.1, 7.5, 7.6
Achoimrí Taighde nasctha leis na *Caighdeáin thuas*

Tá cineálacha éagsúla pleanála ann - pleanáil fhadtréimhseach, pleanáil mheántréimhseach, pleanáil ghearrthréimhseach, agus pleanáil ar an toirt. Tá tábhacht ag baint le gach uile cheann acu agus cabhraíonn siad leis an bhforbairt churaclaim.

Cabhraíonn *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* le cleachtóirí úsáid a bhaint as *Aistear* agus *Síolta* le chéile chun curaclam éiritheach agus ar bhonn fiosraithe a thógáil. Bainfear leas as ábhair spéise, ceisteanna agus eispéiris na leanaí agus an chleachtóra ina leithéid de churaclam mar thúsphointí don phleanáil curaclaim. Uaireanta, eascraíonn topaicí as teagmháil na leanaí le daoine, ábhair, smaointe agus imeachtaí, rud a dhúisíonn a gcuid fiosrachta agus a n-inspreagadh chun foghlaim. Uaireanta eile, is iad na cleachtóirí a thabharfaidh isteach topaicí ar leith atá nasctha le spriocanna foghlama *Aistear* d'fhonn tacú le foghlaim agus le forbairt na leanaí. I gcomhar leis na leanaí, roghnóidh cleachtóirí smaointe nó fiosrúcháin a bheidh mar fhócas le haghaidh na foghlama.

Ní éasca curaclam atá éiritheach agus ar bhonn fiosraithe a bhaint amach. Baintear amach a leithéid de churaclam nuair a chuireann cleachtóirí, atá idir oilte agus mhachnamhach, timpeallacht foghlama agus idirghníomhaíochtaí tacúla ar fáil a chabhraíonn le leanaí dul i ngleic le heispéiris a bhfuil suim acu iontu agus a thacaíonn lena gcuid foghlama. Cabhraíonn an phleanáil éifeachtach lena chinntiú go mbaintear an méid sin amach agus cuireann sí cleachtóirí ag machnamh ar cén fhoghlaim ar chóir tacú léi, conas é sin a dhéanamh, agus cén uair. Cuirtear san áireamh sa phleanáil sin ábhair spéise agus fiosruithe na leanaí san am i láthair, a gcuid foghlama agus forbartha ar feadh na bliana, chomh maith lena mbíonn ag titim amach thart orthu, amhail cúrsaí teaghlaigh, imeachtaí pobail, agus ócáidí ceiliúrtha séasúracha.

Tá breac-chuntas tugtha i dTábla 1 ar na cineálacha pleanála atá i gceist le curaclam atá éiritheach agus ar bhonn fiosraithe a fhorbairt.

***Tábla 1: Pleanáil fhadtréimhseach, pleanáil mheántréimhseach, pleanáil ghearrthréimhseach, agus pleanáil ar an toirt.***

| Cineál pleanála | Fócas | Sleachta ó phleananna |
|---|---|---|
| **Fadtréimhseach** | • Is é atá i gceist leis **an bpleanáil fhadtréimhseach** breac-chuntas, **i dtéarmaí leathana**, a thabhairt ar a mbíonn beartaithe ag suíomh d'fhonn tacú le foghlaim agus le forbairt na leanaí le himeacht tréimhse fhada ama, mar shampla, **bliain**. Bíonn an plean bunaithe ar bhunchuspóir nó físráiteas an tsuímh agus ar an Ráiteas Curaclaim (féach *Bunchlocha an Churaclaim*, *Gné 1*) agus is iondúil nach mbíonn sé níos faide ná 1-2 leathanach A4. Agus pleananna fadtréimhseacha á bhforbairt:<br>• Déan cur síos ar **na cineálacha eispéiris** a chuirfidh do shuíomh ar fáil do leanaí i gcaitheamh tréimhse ar leith, mar shampla, bliain.<br>• Úsáid ceannteidil amhail **meonta**, **luachanna agus dearcthaí**, **scileanna**, agus **eolas agus tuiscint** le míniú a thabhairt ar na spriocanna fadtréimhseacha atá agat do na leanaí i do shuíomh.<br>• Úsáid ***téamaí de chuid* Aistear** le breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a ndéanfaidh tú soláthar d'fholláine na leanaí, a dtacóidh tú lena gcuid cumarsáide, a spreagfaidh tú iad chun taiscéaladh agus smaoineamh, agus a dtacóidh tú leo braistint láidir féiniúlachta agus chomhuintearais a fhorbairt. | Mar shampla, seo a leanas sliocht as plean fadtréimhseach:<br>*Déanaimid meonta dearfacha a chothú. Spreagaimid naíonáin, lapadáin agus leanaí óga le bheith fiosrach. Déanaimid é seo trína spreagadh chun ceisteanna a chur, breathnú thart faoi shaoirse ar na hacmhainní atá sa suíomh agus breathnú ar leabhair agus ar íomhánna.*<br>*Spreagaimid naíonáin, lapadáin agus leanaí óga le bheith dícheallach. Déanaimid é seo ach tacú leo cloí le rudaí agus iarracht bheag eile a dhéanamh le rud éigin a chríochnú. Bíodh sin mar atá, ní chuirimid iallach ar leanaí tascanna a chríochnú.*<br>*I seomra na naíonán, táimid den tuairim go mbíonn naíonáin níos fearr as i dtimpeallacht cheanúil, chothaitheach. Tugaimid roinnt mhaith ama do na naíonáin ar an urlár ionas gur féidir leo scileanna coirp a fhorbairt amhail rolladh, lámhacán a dhéanamh, cúrsáil agus siúl. Caithimid am ar an urlár in éineacht leo- ag tacú leo agus á spreagadh le bheith ina bhfoghlaimeoirí fiosracha, gníomhacha, agus praiticiúla. Bímid ag labhairt leis na naíonáin i gcónaí agus cuirimid focail lena gcuid eispéireas d'fhonn cur lena stór focal.* |


| Cineál pleanála | Fócas | Sleachta ó phleananna |
|---|---|---|
| **Meántréimhseach** | **Is é atá i gceist leis** an bpleanáil mheántréimhseach smaoineamh faoi **thopaicí leathana** a thagann chun solais agus a bhfuil suim ag na leanaí iontu, mar aon **le hócáidí séasúracha/ceiliúrtha** a bhíonn ar siúl **i mí nó i dtéarma ar leith**. Agus pleananna meántréimhseacha á bhforbairt:<br>• **Aithnítear ócáidí séasúracha** agus **ócáidí ceiliúrtha** atá ag teacht aníos, amhail an Nollaig, Oíche Shamhna, Lá na Máithreacha, agus Díbheálaí. Léirítear i bpleananna meántréimhseacha cén chaoi a bhféadfaí plé a dhéanamh le hócáidí séasúracha nó ceiliúrtha leis na leanaí — na heispéiris éagsúla a d'fhéadfaí a chur ar fáil, na hacmhainní a d'fhéadfaí a úsáid, agus na turais a d'fhéadfaí a phleanáil.<br>• **Roghnaigh topaicí leathana** a mbeidh suim ag na leanaí iontu. Mar shampla, *mo theaghlach, na séasúir, mo phobal, agus Sábháilteacht ar Bhóithre*. Déan ábhartha agus bríoch na topaicí sin, ag tosú amach lena bhfuil ar eolas ag na leanaí cheana féin agus lenar mian leo a fháil amach. Tabhair na smaointe sin isteach tráth a mbeidh suim ag na leanaí iontu nó tráth a dtiocfaidh an topaic chun cinn mar gheall ar rud éigin a tharlaíonn i saol na leanaí.<br>• **Ullmhaigh** le haghaidh eispéireas a bhaineann leis na topaicí a ndearnadh sainaithint orthu ionas go mbeidh roinnt eispéireas agus acmhainní pleanáilte agus bailithe le chéile agat cheana féin **má thagann nó nuair a thagann** na topaicí sin chun cinn mar gheall ar ábhair spéise nó ar eispéiris na leanaí. Mar shampla, má léirítear suim i gcúrsaí iompair, smaoinigh ar na hábhair cheannoscailte atá agat cheana féin, ar na leabhair a d'fhéadfá a chur ar fáil, agus ar na hamhráin nó na dánta a bheadh ábhartha.<br>• Smaoinigh ar **imeachtaí saoil a bhíonn ag leanaí den aois seo**, mar shampla bogadh chuig teach nua nó leanbh nua a theacht ar an saol. Smaoinigh ar a bhféadfá a dhéanamh le cabhrú leis na leanaí ullmhú le haghaidh na n-imeachtaí sin, mar shampla, fearais, scéalta agus comhráite ar leith a thabhairt isteach.<br>• Déan gníomh meántréimhseach a phleanáil **bunaithe ar fhiosruithe na leanaí** d'fhonn an fhoghlaim a neartú agus a shaibhriú, mar shampla, tréidlia cuairt a thabhairt ar an suíomh, nó cuairt a thabhairt ar fheirm. | Mar shampla, seo a leanas sliocht as plean meántréimhseach:<br><br>*Tá Lá Fhéile Vailintín ag druidim linn. Beimid in ann a fhiafraí de na lapadáin céard a cheapann siad is Lá Fhéile Vailintín ann. Seans go ndéanfaimid brioscaí atá ar dhéanamh croí. Féadfaimid irisí a bheith againn agus a iarraidh ar na lapadáin teacht ar ghrianghraif atá cosúil lena dteaghlach féin agus iad a ghearradh amach. Beidh orainn a chinntiú go mbeidh gach uile leanbh in ann teacht ar ghrianghraif atá cosúil lena dteaghlach féin.*<br><br>*Beidh an Lá Bíp Bíp (Lá um shábháilteacht ar bhóithre) ar siúl an mhí seo. Tá na leabhair, na dlúthdhioscaí agus na dánta a bhaineann leis an tsábháilteacht ar bhóithre sa seomra stórais. Bainfimid úsáid as téip láidir le trasrianta síogacha a dhéanamh sa chlós agus cuirfidh na leanaí atá sa ghrúpa réamhscoile a bhfuil spéis acu sa topaic soilse tráchta le chéile le plátaí páipéir.*<br><br>*Léiríodh an-spéis go deo i gcarranna tar éis an Lae Bíp Bíp anuraidh agus, má tharlaíonn amhlaidh i mbliana, tá roinnt mhaith irisí cairr againn. Tá roinnt carranna agus tarracóirí adhmaid nua againn agus cuirfimid amach ar na seilfeanna iad sin an tseachtain roimh an Lá Bíp Bíp.*<br><br>*Beidh na leanaí réamhscoile ag tabhairt cuairt ar an stáisiún dóiteáin an mhí seo – tá an dáta le socrú. Ní mór na tuismitheoirí a chur ar an eolas in am trátha, ionas go dtabharfar deis dóibh teacht ar an tsiúlóid in éineacht linn le lámh chúnta a thabhairt.*<br><br>*Beidh teaghlach Nathan ag aistriú tí i gceann cúpla mí, mar sin beidh orainn acmhainní a bhailiú, amhail leabhair pictiúr, veaineanna aistrithe agus boscaí pacála, don chúinne tí. Tabharfaimid cluas ghéar dá ndéarfaidh sé agus breathnóimid ar an gcaoi a mbeidh sé ag súgradh agus an lá ag druidim linn. Coinneoimid i dteagmháil rialta lena thuismitheoirí, leis.*<br><br>*Mar is gnách, ná déan dearmad ligean do na leanaí a bheith i gceannas agus bí cruthaitheach agus tú ag pleanáil cén chaoi forbairt a dhéanamh ar ábhair spéise agus ócáidí séasúracha a cheiliúradh leis na leanaí!* |

| Cineál pleanála | Fócas | Sleachta ó phleananna |
|---|---|---|
| **Gearrthréimhseach** | **Is é atá i gceist leis** an bpleanáil ghearrthréimhseach **freagairt d'ábhair spéise** agus fiosruithe reatha na leanaí, agus d'imeachtaí agus nuacht ina dteaghlach agus ina bpobal. Seans go dtosóidh leanaí ag léiriú spéise in imeachtaí náisiúnta de réir mar a éiríonn siad níos sine.<br><br>Agus pleananna gearrthréimhseacha á bhforbairt:<br><br>• Cinntigh go **spreagtar fiosracht na leanaí agus go léirítear meas don fhiosracht sin**, gurb iad **na leanaí féin a bhíonn i gceannas** ar an súgradh agus ar an bplé, agus go mbíonn an fhoghlaim saibhir ó lá go lá.<br><br>• Tabhair **réimse leathan eispéireas** do na leanaí a bhaineann leis na hábhair spéise atá acu faoi láthair. Bain leas as scéalta, amhráin, leabhair, fearais, íomhánna, comhráite, agus eispéiris na leanaí agus na ndaoine fásta féin le cabhrú leis na leanaí topaicí a fhiosrú agus a gcuid smaointeoireachta agus tuisceana a leathnú.<br><br>• Déan ócáidí séasúracha, féilte, agus ócáidí ceiliúrtha a phlé. Ag an gcéim seo, tá tú ag plé le freagairt na leanaí don rud a tugadh isteach nó don phlé agus leanann tú **a líne fiosraithe siúd seachas do líne féin**.<br><br>• Déan **doiciméadúchán bríoch** a fhorbairt lena léiriú céard a tharla agus cén fhoghlaim a thit amach. | Mar shampla, seo a leanas sliocht as plean gearrthréimhseach:<br><br>*Toisc gur éirigh go hiontach leis an Lá Bíp Bíp, tá go leor cainte ar charranna, leoraithe agus tarracóirí. Tá na hirisí cairr sa seomra cheana agus tabharfaimid tuilleadh a bhaineann le tarracóirí agus leoraithe isteach an tseachtain seo.*<br><br>*Labhair faoi úsáid chriosanna sábhála agus faoina bheith slán sábháilte sa charr.*<br><br>*Cuir íomhánna de leanaí atá ag caitheamh crios sábhála i gcló agus cuir ar taispeáint iad.*<br><br>*Déan an trasrian síogach cailce arís is arís eile má bhíonn suim ag na leanaí ann go fóill.*<br><br>*Tá na hirisí réidh le haghaidh Lá Fhéile Vailintín agus táimid chun nóta a sheoladh abhaile freisin le hiarraidh ar na tuismitheoirí grianghraf teaghlaigh a thabhairt isteach nó a sheoladh isteach tríd an ríomhphost. Déan na grianghraif a lannú agus gearr ina bpíosaí iad le 'míreanna mearaí' a dhéanamh – b'fhéidir 6 phíosa i gcás leanaí atá níos sine, Seans go ndéanfaidh 3 phíosa an chúis i gcás leanaí óga.*<br><br>*Luaigh duine de na leanaí go raibh croíthe le feiceáil i ngach áit sna siopaí i gcomhair Lá Fhéile Vailintín. Faigh páipéar croíchruthach don limistéar ealaíne agus lig do na leanaí tarraingt air más mian leo.*<br><br>*Tacaigh leis an teanga ó bhéal Fiafraigh de na leanaí cé na focail a úsáideann siad do bhaill teaghlaigh agus déan cinnte go n-úsáideann tusa iad freisin. Labhair faoi na háiteanna ar glacadh na grianghraif agus tabhair friotal nua isteach agus tú ag caint fúthu.* |
| **Ar an toirt** | Is é atá i gceist leis **an bpleanáil ar an toirt** pleanáil gan ullmhú le **freagairt do rud éigin gan choinne a spreag spéis an linbh**, mar shampla, nuair a fheiceann leanbh líon damháin alla ar shiúlóid, léiríonn sé an-spéis go deo ann ar an bpointe. Tá **doiciméadúchán bríoch** de dhíth lena léiriú céard a tharla agus cén fhoghlaim a thit amach. | Mar shampla, seo a leanas sliocht as cur síos ar an bpleanáil ar ar an toirt:<br><br>*Fuair mamaí Ralph carr nua. Thugamar na lapadáin amach le breathnú air. Bhí go leor cainte ar dhathanna. Tabharfaimid leabhar na ndathanna isteach sa seomra. Déanfaimid péinteanna a mheascadh níos moille inniu.* |

Tá roinnt teimpléad ann i *dTreoir Chleachtais Aistear Síolta* chun tacaíocht a thabhairt duit agus tú ag pleanáil agus ag measúnú:
Teimpléad Pleanáil Fhadtéarmach
Teimpléad Pleanáil Mheántéarmach
Teimpléad Pleanáil Ghearrthéarmach
Teimpléad Taifead Foghlama

B'fhéidir gurbh fhiú duit smaoineamh ar an bpleanáil mar thimthriall. Tá sé sin léirithe i bhFíor 1. Cé go bhfuil ceithre chéim sa timthriall seo, ní gá go dtarlóidh na céimeanna san ord seo i ngach cás agus ní thógann gach céim an méid céanna ama leis na céimeanna eile ach an oiread.

***Fíor 1: Timthriall na pleanála agus an mheasúnaithe don fhoghlaim***




1. **Is iomaí bealach atá ann le heolas a bhailiú** faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt leanaí. Ina measc siúd áirítear féinmheasúnú leanaí agus modhanna a úsáid bhfuil an cleachtóir i gceannas orthu níos mó, amhail breathnú agus éisteacht. Nuair a thugtar aird ar chumarsáid leanaí, agus nuair a chuirtear suntas inti, bíodh sí neamhbhriathartha nó briathartha, faightear léargas maith ar na rudaí a spreagann iad agus is eol dóibh faoi láthair, na rudaí a thuigeann siad agus is féidir leo a dhéanamh. Lena leithéid d'eolas saibhir a bhailiú, is tábhachtaí é a thógáil go deas réidh agus díriú ar leanaí ina n-aonar.

2. **Is mar thoradh ar an doiciméádú** a fhaightear tuiscint shaibhir ar fhoghlaim agus ar fhorbairt gach linbh agus ar a aistear forbartha. Mar chleachtóir, is tusa a chinnfidh céard is fearr a oibríonn duitse agus do na leanaí i dtaobh

   - *conas* rudaí a dhoiciméádú
   - *céard* a ba chóir a dhoiciméádú
   - *cathain* a ba chóir é sin a dhéanamh agus *cé chomh minic*
   - *cén chaoi* a mbainfidh tú *úsáid* as an doiciméadúchán.

   Nuair a úsáidtear líníochtaí, grianghraif, comhráite agus gearrthóga físe, cuirtear ar chumas leanaí a bheith páirteach ina gcuid foghlama agus forbartha féin a dhoiciméadú. Déantar a gcuid foghlama a neartú ar an gcaoi sin agus cuirtear níos mó eolais ar fáil duitse de réir mar a oibríonn tú tríd an timthriall pleanála agus measúnaithe. Beidh tú in ann cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí agus pleanáil a dhéanamh do na chéad chéimeanna eile ach úsáid a bhaint as an doiciméadúchán agus as Téamaí, Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama *Aistear*.

3. **Is é atá i gceist leis an machnamh agus an bpleanáil** cinntí a dhéanamh atá bunaithe ar thuiscint shaibhir ar a bhfuil á fhoghlaim ag na leanaí agus ar an gcaoi a bhfuil siad ag foghlaim, agus cinneadh a dhéanamh conas is féidir an méid sin a fhorbairt tuilleadh. Cuirfidh na pleananna meántréimhseacha agus fadtréimhseacha bonn eolais faoi na pleananna gearrthréimhseacha a dhéantar ar bhonn laethúil freisin.

4. **Is é atá i gceist le pleananna curaclaim a chur i ngníomh** pleananna a chur i bhfeidhm. De réir mar a chuirtear pleananna i ngníomh, is é an machnamh a leanann ar aghaidh is cúis lena chinntiú go mbíonn an t-eispéireas nó an ghníomhaíocht atá pleanáilte in oiriúint le hábhair spéise agus fiosruithe na leanaí agus go dtacaíonn sé nó sí lena gcuid foghlama agus forbartha go cuí. Bailítear tuilleadh eolais ar an gcaoi sin agus cuirtear tús leis an timthriall in athuair.

## Sampla den phleanáil ghearrthréimhseach i gcuraclam atá éiritheach agus ar bhonn fiosraithe

Léirítear sa sampla seo na bealaí éagsúla ar féidir freagairt do leanaí tar éis dóibh spéis a léiriú i rud éigin, agus céard ba chóir a dhéanamh ina dhiaidh sin, ag brath ar aois na leanaí agus ar an eolas agus an taithí atá acu cheana féin.

Chonaic na leanaí (naíonáin, lapadáin agus leanaí óga) éan nuair a bhí siad taobh amuigh. Léiríonn na samplaí doiciméadaithe thíos cén chaoi a bhféadfadh an t-eispéireas seo tacú leis an bhfoghlaim ag brath ar aois na leanaí agus ar an ngné den eachtra a phrioc a spéis.

I **seomra na naíonán**: *Thug na naíonáin faoi deara go raibh na leanaí réamhscoile ag breathnú ar éin, mar sin fuaireamar leabhar ina raibh grianghraif d'éin nuair a thángamar isteach. Ansin thógamar roinnt bréagáin bhoga amach ó fhoireann na nUlchabhán Óg. Tharraing mé aird na leanaí ar an mbeathadán éan agus amárach tabharfaimid na leanaí chun breathnú ar líonadh an bheathadáin.*

Tomhaiseann tú an spéis a léiríonn na leanaí san eispéireas agus má leanann an spéis sin, tabhair focail nua isteach, mar shampla, ainmneacha éagsúla éan, agus coinnigh a spéis agus a n-aird i rith an ama.

I **seomra na lapadán**: *Chonaic na lapadáin na leanaí réamhscoile ag breathnú ar éin. Ba bhreá leo a bheith ag breathnú ar na héin agus iad ag eitilt siar is aniar chuig an mbord éin. Bhí roinnt lapadán ag ligean orthu féin go raibh siad ag eitilt! Laistigh fuaireamar roinnt ábhar ceannoscailte ón seomra stórais agus bhreathnaíomar le feiceáil cén chaoi ar úsáid na leanaí iad. Ghreamaigh duine de na leanaí cleití den leathanach le gliú.*
Breathnóidh tú ar na leanaí mar a thiteann na heispéiris amach agus leanfaidh tú na nathanna agus na focail a úsáideann siad an t-am ar fad.



**Leanaí réamhscoile**: *Thug duine de na leanaí barúil faoin gcaoi ar eitil na héin chuig an mbeathadán éan. Dúirt leanbh eile go raibh an t-éan ag tabhairt bia chun na n-éan óg sa nead. Bhreathnaíomar go bhfeicimis cá raibh na héin ag eitilt as agus cá raibh siad ag dul. Nuair a chuamar isteach, chuaigh duine de na leanaí chuig an mbosca dramhealaíne agus rinne sé éan as cipíní líreacáin. Chuir sé dath donn agus dearg air agus chuir sé in iúl dúinn gur spideog a bhí ann. Luaigh leanbh eile go dtagann éin anseo don samhradh. Rinne buachaill amháin nead as olann agus leag sé liathróidí leadóige boird isteach ann amhail is dá mba uibheacha iad, díreach cosúil leis an nead a chonaic sé ag teach a sheanathar.*

Déan an spéis a léiríonn na leanaí san eispéireas a thomhas agus má leanann an spéis sin tabhair tuilleadh focal nua isteach a bhaineann le héin. Mar shampla, luaigh ainmneacha éin éagsúla, déan plé ar cén chaoi a n-eitlíonn siad, céard a itheann siad, nó ar dhathanna a gcuid cleití. Agus súil á coinneáil agat ar an spéis agus ar an aird a léiríonn siad an t-am ar fad, d'fhéadfá breathnú ar na leabhair agus na puipéid *Ulchabháin Óga* agus plé a dhéanamh ar sciatháin agus ar ghoba.

## Ná déan dearmad

Tabhair ar na leanaí a bheith páirteach ar bhealach a oireann dá n-aois. Ná déan taighde ar smaointe ná gníomhaíochtaí AR A SON, déan é INA gCUIDEACHTA. Bíodh neart ábhar líníochta, dramhealaíne agus ceannoscailte ar fáil. Mar shampla, déan iarracht dathanna a chur ar fáil atá cosúil le dathanna na n-éan atá ann i do cheantar nó atá sna grianghraif a bhfuil na leanaí ag breathnú orthu. Más féidir leat, glac grianghraif de na héin i do limistéar lasmuigh. Bíodh leabhair agus irisí ar fáil a léiríonn spéis na leanaí agus b'fhéidir go bhféadfaí an tIdirlíon a úsáid le topaicí a bhaineann le héin a chuardach.

## Doiciméadú agus measúnú

Is féidir punanna, dialanna foghlama, nó boird taispeána a úsáid lena dtiteann amach a dhoiciméadú agus a thaifeadadh, arís, **in éineacht leis** na leanaí. Nuair a ghlacann naíonáin, lapadáin nó leanaí óga páirt sa phróiseas plé agus doiciméadaithe seo, déantar a gcuid foghlama agus tuisceana a neartú agus spreagtar línte fiosraithe nua. De réir mar a thaifeadann tú na rudaí a léiríonn na leanaí spéis iontu agus an chaoi a bhforbraítear an spéis éiritheach sin, bí ag breathnú ar Théamaí, Aidhmeanna, agus Spriocanna foghlama *Aistear* agus bain úsáid astu le cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a thiteann amach do na leanaí agus le pleanáil a dhéanamh don fhoghlaim amach anseo. Bain úsáid as grianghraif, líníochtaí de chuid na leanaí agus sleachta gairide téacs lena chur in iúl cén fhoghlaim a thit amach agus cén chaoi ar tharla an fhoghlaim sin. Seans go mbeidh an Teimpléad Taifead Foghlama ina chúnamh agat leis an eolas sin a bhreacadh síos.

Trí mhachnamh ar ar tharla, an chaoi ar fhreagair tú do rudaí, agus an phleanáil ghearrthréimhseach agus ar an toirt a tharla téann sé sin i gcion ar an bpleanáil mheántréimhseach agus, i ndeireadh na dála, ar an bpleanáil fhadtréimhseach freisin. Bíonn na gnéithe ar fad den phróiseas pleanála agus measúnaithe spleách ar a chéile ar an gcaoi sin.